Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 15 Iúil 2025
(OR. en)

11076/25
PV CONS 38
ENV 639
CLIMA 238
*PARLNAT*

**DRÉACHT-MHIONTUAIRISCÍ**

COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH
(Comhshaol)

17 Meitheamh 2025

**1. Glacadh an chláir oibre**

Ghlac <u>an Chomhairle</u> an clár oibre a leagtar amach in 9996/25.

**2. Formheas na míreanna 'A'**

**Liosta neamhreachtach** 10043/25

Ghlac an <u>Chomhairle</u> gach mír 'A' a liostaítear sa doiciméad thuas, lena n- áirítear gach doiciméad teanga COR agus REV a tíolacadh lena nglacadh.

**<u>Plé reachtach</u>**
**(Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach)**

**3. Rialachán maidir le ceanglais chiorclaíochta le haghaidh dearadh feithiclí agus maidir le bainistiú feithiclí a bhfuil a ré caite** ❶C 10092/25 + ADD 1
*Cur chuige ginearálta*

Tháinig an <u>Chomhairle</u> ar chur chuige ginearálta i ndáil leis an Rialachán maidir le ceanglais chiorclaíochta le haghaidh dearadh feithiclí agus maidir le bainistiú feithiclí a bhfuil a ré caite mar a leagtar amach in 10391/25.

Thíolaic <u>an Fhionlainn</u>, <u>an Ghearmáin</u> agus <u>an Ísiltír</u> ráitis, mar a leagtar amach san Iarscríbhinn iad.

**<u>Gníomhaíochtaí neamhreachtacha</u>**

4. An tAontas Eorpach ag COP30 – athbhreithniú agus an bóthar amach romhainn 9704/25
*Seisiún tuairimíochta*

**Aon ghnó eile**

5. **(a) Tuarascáil ar phríomhchruinniú idirnáisiúnta a bhí ann le déanaí**

Comhdháil Thriarach na bPáirtithe i gCoinbhinsiúin Basel (COP 17), Rotterdam (COP 12) agus Stócólm (COP 12) (An Ghinéiv, an Eilvéis, an 28 Aibreán go dtí an 9 Bealtaine 2025) — 10215/25
*Faisnéis ón Uachtaránacht agus ón gCoimisiún*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Uachtaránacht agus an Coimisiún ar fáil.

**(b) Tacaíocht d'athchúrsálaithe sa chomhthéacs eacnamaíoch atá ann faoi láthair** — 9967/25
*Faisnéis ón gCoimisiún*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Coimisiún ar fáil chomh maith leis an ionchur ó thoscaireachtaí eile.

**(c) Straitéis Eorpach maidir le hathléimneacht i réimse an uisce** — 9932/25, 9951/25 + ADD 1
*Faisnéis ón gCoimisiún*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Coimisiún ar fáil chomh maith leis an ionchur ó thoscaireachtaí eile.

**(d) Comhdháil na Náisiún Aontaithe maidir leis na hAigéin (UNOC-3) (Nice, an Fhrainc, an 9 go dtí an 13 Meitheamh 2025)** — 10272/25
*Faisnéis ón bhFrainc agus ón gCoimisiún*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Fhrainc agus an Coimisiún ar fáil.

**(e) An toirmeasc atá beartaithe ar luaidhe in armlón agus i dtácla iascaireachta faoi Rialachán REACH** — 9964/25
*Faisnéis ón tSeicia, ón Liotuáin agus ón tSlóvaic*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an tSeicia, an Liotuáin agus an tSlóvaic ar fáil, chomh maith leis an idirghabháil ó thoscaireachtaí eile.

(f) Clár oibre na hUachtaránachta inteachta
*Faisnéis ón Danmhairg*

(g) **Glao ar léirithe spéise – An Bord Comhairleach Eolaíoch Eorpach maidir leis an Athrú Aeráide (téarma 2026–2030)** ⑵ 10139/25
*Faisnéis ón Uachtaránacht*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Uachtaránacht ar fáil.

(h) **Measúnú uile-Aontais ar phleananna náisiúnta fuinnimh agus aeráide críochnaitheacha** ⑵ 10058/25
*Faisnéis ón gCoimisiún*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Uachtaránacht ar fáil.

(i) **Tuarascáil ar chruinniú MED9 na nAirí Fuinnimh agus Comhshaoil (Portorož, an tSlóivéin, an 1 go dtí an 2 Meitheamh 2025)** ⑵ 10087/25
*Faisnéis ón tSlóivéin*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an tSlóvéin ar fáil.

(j) **Obair ullmhúcháin a sheoladh le haghaidh gníomh tarmligthe de chuid an Rialacháin maidir leis an Éicidhearthóireacht le haghaidh Táirgí Inbhuanaithe a mhéid a bhaineann le lascthrealamh ardvoltais** ⑵ 10202/1/25 REV 1
*Faisnéis ón mBulgáir, ón tSeicia, ón Eastóin, ó Éirinn, ón bhFrainc, ón gCróit, ón Iodáil, ón Laitvia, ón Ungáir, ón Rómáin, ón tSlóivéin, ón tSlóvaic, agus ón tSualainn*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Bhulgáir, an tSeicia, an Eastóin, Éire, an Fhrainc, an Chróit, an Iodáil, an Laitvia, an Ungáir, an Rómáin, an tSlóivéin, an tSlóvaic, agus an tSualainn ar fáil.

---

❶ An chéad léamh

⑵ Plé poiblí arna mholadh ag an Uachtaránacht (Airteagal 8(2) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle)

Ⓒ Mír atá bunaithe ar thogra ón gCoimisiún

**Ráitis a ghabhann leis an mír reachtach 'B' a leagtar amach in 9996/25**

| | |
|---|---|
| **Maidir le mír 3 ar liosta na míreanna 'B':** | **Rialachán maidir le ceanglais chiorclaíochta le haghaidh dearadh feithiclí agus maidir le bainistiú feithiclí a bhfuil a ré caite**<br>*Cur chuige ginearálta* |

**RÁITEAS ÓN bhFIONLAINN**

'Formhuiníonn an Fhionlainn an cur chuige ginearálta agus tacaíonn sí le cuspóirí an rialacháin chun an geilleagar ciorclach a chur chun cinn sa tionscal gluaisteán agus chun a áirithiú go gcaithfear le feithiclí a bhfuil a ré caite ar bhealach atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de. Cé gur bonn maith é an cur chuige ginearálta le haghaidh tuilleadh caibidlíochta idir na comhreachtóirí, leagaimid béim ar a thábhachtaí atá na hábhair seo a leanas sa chaibidlíocht atá ar na bacáin.

Ar an gcéad dul síos, is oth linn nach gceadaítear leis an téacs do na Ballstáit a rialú nach féidir le saoráidí cóireála údaraithe feithiclí a bhfuil a ré caite a bhailiú agus a chóireáil ach amháin má tá conradh tugtha i gcrích acu le táirgeoir nó le heagraíocht um fhreagracht táirgeoirí. Tá sé sin bunriachtanach dúinn ós rud é go bhfuil an scéim um fhreagracht leathnaithe táirgeora atá againn faoi láthair agus a fheidhmíonn go maith bunaithe ar an gceanglas sin agus go gcumasaítear léi inrianaitheacht feithiclí a bhfuil a ré caite agus a bpáirteanna ó sheachadadh go mionghearradh.

Ar an dara dul síos, is mór againn go bhfuil forbairt dhearfach tagtha ar an sásra um leithdháileadh costas le haghaidh feithiclí a thagann chun bheith ina bhfeithiclí a bhfuil a ré caite i mBallstát eile le linn na caibidlíochta. Mar sin féin, is cúis imní dúinn fós cur chun feidhme an tsásra agus an t-ualach nach bhfuil gá leis a chuirfeadh sé ar tháirgeoirí agus ar údaráis.

Ar deireadh, leagaimid béim ar an ngá atá leis na forálacha a bhaineann le pionóis a shoiléiriú chun forfheidhmiú éifeachtach an rialacháin a áirithiú.'

**RÁITEAS ÓN nGEARMÁIN**

'Maidir leis an gclásal scáthánach atá sa togra comhréitigh ón Uachtaránacht le haghaidh cur chuige ginearálta i ndáil leis an togra ón gCoimisiún le haghaidh Rialachán maidir le ceanglais chiorclaíochta le haghaidh feithiclí agus maidir le diúscairt feithiclí a bhfuil a ré caite, lena leasaítear Rialacháin (AE) 2018/858 agus 2019/1020 agus lena n-aisghairtear Treoracha 2000/53/CE agus 2005/64/CE, tá fadhbanna ag baint leis ó thaobh an bheartais tráchtála de, toisc go gcruthaíonn sé bacainní ar thrádáil mar ionstraim chaomhnaitheach. Dá bhrí sin, measann Poblacht Chónaidhme na Gearmáine nach bhfuil clásal den sórt sin iomchuí chun an chosaint is gá don mhargadh inmheánach a áirithiú.

Dá bhrí sin, iarrann an Ghearmáin go ndéanfaí measúnú tionchair láithreach ar an gclásal scáthánach, lena n-áirítear maidir le himpleachtaí an bheartais trádála agus an dlí trádála, an tionchar ar thionscal an Aontais agus ar thríú tíortha, agus saincheisteanna cur chun feidhme.

D'ainneoin na n-ábhar imní sin, aontaíonn Poblacht Chónaidhme na Gearmáine leis an togra comhréitigh ón Uachtaránacht le haghaidh cur chuige ginearálta de mheon an chomhréitigh fhoriomláin. Ní fasach do reachtaíocht ná do chomhaontuithe saorthrádála amach anseo é an clásal scáthánach a áireamh sa chur chuige ginearálta.'

**RÁITEAS ÓN ÍSILTÍR**

'Tacaíonn an Ísiltír go hiomlán leis an Rialachán maidir le Feithiclí a bhfuil a Ré Caite agus leis an aidhm atá aige dearadh feithiclí agus bainistiú dramhaíola atá neamhdhíobhálach don chomhshaol a chur chun cinn tríd an Rialachán seo. A mhéid a bhaineann le hAirteagal 6 den seasamh ón gComhairle atá beartaithe maidir leis an Rialachán, is mian leis an Ísiltír a léiriú go gcuirfeadh sí srian, tríd is tríd, ar chlásail chomhuaineacha nó bearta comhchosúla a thabhairt isteach i ndáil le caighdeáin táirgthe. Cé go bhféadfadh údar cuí a bheith leis na bearta sin agus iad a bheith riachtanach chun freastal ar chuspóirí beartais dlisteanacha, ba cheart iad a bheith comhréireach, spriocdhírithe agus comhsheasmhach i gcónaí le rialacha EDT. I bhfianaise chomhthéacs sonrach agus thábhacht fhoriomlán an Rialacháin atá beartaithe, is féidir leis an Ísiltír tacú le foclaíocht reatha Airteagal 6 sa Rialachán maidir le Feithiclí a bhfuil a Ré Caite. Mar sin féin, tá sé ríthábhachtach go gcoinneofaí na hiarmhairtí diúltacha neamhbheartaithe do chomhpháirtithe trádála an Aontais agus an t-ualach riaracháin ar fhiontraithe an Aontais agus ar fhiontraithe neamh-AE chomh híseal is féidir. Dá réir sin, tá sé tábhachtach don Choimisiún faireachán a dhéanamh ar éifeachtaí an chlásail chomhuainigh maidir le feithiclí a bhfuil a ré caite i ndáil le caighdeáin táirgthe ar chaidreamh trádála an Aontais agus comhlíonadh na n-oibleagáidí trádála idirnáisiúnta a choinneáil ar bun.'